## Beartas Inbhuanaitheachta d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh

**1 Iúil–31 Nollaig 2026**

### 1. Réamhrá

Mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2026, eagrófar líon mór cruinnithe agus imeachtaí ar bhonn lárnach. Is deis atá ann a léiriú go bhfuil Éire tiomanta don inbhuanaitheacht agus do bheith ag obair ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol. San áireamh leis sin, tá tacú leis an ngeilleagar ciorclach, astaíochtaí carbóin a laghdú agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn. I gClár an Rialtais 2025, bhí gealltanas tugtha maidir le beartas inbhuanaitheachta don Uachtaránacht.

### 2. Cur i bhFeidhm

Baineann beartas inbhuanaitheachta na hUachtaránachta go díreach le cruinnithe agus imeachtaí oifigiúla na hUachtaránachta in Éirinn a eagróidh struchtúir pleanála láraithe an Rialtais i dtaobh na hUachtaránachta. Déanfaidh an Grúpa Idir-Rannach um Pleanáil Oibríochtúil na hUachtaránachta maoirseacht ar chur chun feidhme an bheartais.

I gcás imeachtaí a eagrófar lasmuigh de na struchtúir pleanála láraithe, mar shampla imeachtaí a bhfuil gaol acu leis an Uachtaránacht, ba cheart do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais agus d'eagraithe eile cloí leis na treoirlínte atá leagtha amach i gCiorclán 17/2025: Treoracha Nuashonraithe do Chomhlachtaí Earnála Poiblí maidir le Soláthar Poiblí Glas.

### 3. Cuspóir

Is é príomhchuspóir an bheartais seo ná tacú le heagrú chruinnithe agus imeachtaí na hUachtaránachta ar bhealach chomh hinbhuanaithe agus is féidir agus i gcomhréir leis an reachtaíocht agus na beartais ábhartha. San áireamh orthu sin, ach gan a bheith teoranta dóibh, tá na nithe seo a leanas: an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027 agus Fís um Bia 2030.

Le cur chun feidhme an bheartais seo agus leis an mbéim ar chúrsaí inbhuanaitheachta in eagrú imeachtaí na hUachtaránachta, tá sé beartaithe freisin tacú le hinfheictheacht níos leithne ar fud na seirbhíse poiblí maidir le cur chuige inbhuanaithe i leith bainistiú agus eagrú imeachtaí, chomh maith le forbairtí dearfacha breise a chur chun cinn ina leith sin. Chuige sin, chomhaontaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin go mbronnfar Gradam speisialta um Inbhuanaitheacht Uachtaránacht an AE mar chuid de Ghradaim na Seirbhísí Poiblí Níos Fearr in 2027.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur gá go léireofar, i gcur chun feidhme an bheartais seo, an fhreagracht fhoriomlán i dtaobh na riachtanais oibríochtúla agus lóistíochta shonracha a bhaineann le hoibleagáidí Uachtaránacht an AE a chomhlíonadh.

### 4. Soláthar Poiblí

Mar bhonn taca le cruinnithe agus imeachtaí Uachtaránacht na hÉireann ar an AE in 2026 a eagróidh struchtúir pleanála láraithe an Rialtais, beidh próiseas cuimsitheach soláthair phoiblí chun na hearraí agus na seirbhísí is gá a fháil. Bhunaigh an Oifig um Sholáthar Rialtais raon socruithe soláthair láraithe ónar féidir earraí agus seirbhísí coiteanna a sholáthar. Tacaíonn na socruithe soláthair láraithe sin le comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh maidir le fothorthaí níos straitéisí a mheas, ina measc sin breithnithe atá glas, sóisialta agus fabhrach do FBManna.

Is í an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas 2024-2027 an príomhphointe tagartha le haghaidh próisis soláthair a bheidh ag tacú le himeachtaí na hUachtaránachta a eagrófar ar bhonn lárnach. Sna doiciméid tairisceana le haghaidh imeachtaí na Uachtaránachta a eagrófar ar bhonn lárnach, beidh critéir lárnacha chuimsitheacha maidir le Soláthar Poiblí Glas (SPG) le haghaidh earraí agus seirbhísí de réir mar is ábhartha agus is iomchuí. Úsáidfear Treoraíocht agus Critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) agus an uirlis chuardaigh ar líne le haghaidh Critéir Soláthair Phoiblí Ghlais, ar uirlis de chuid na hOifige um Sholáthar Poiblí í, mar acmhainní[1], le hais Chiorclán 17/2025: Treoracha Nuashonraithe do Chomhlachtaí Earnála Poiblí maidir le Soláthar Poiblí Glas.

### 5. Cruinnithe agus imeachtaí a eagrú

#### 5.1 Iompar

- Breithniú tábhachtach i dtaca le gach cruinniú agus imeacht is ea é íoslaghdú a dhéanamh ar thionchar comhshaoil an iompair a chuirtear ar fáil d'imeachtaí na hUachtaránachta.
- Beidh treoirlínte ábhartha maidir le Soláthar Poiblí Glas agus riachtanais ghaolmhara ina dtreoir do sholáthar na réiteach iompair is gá i gcomhréir le riachtanais oibríochtúla, lena n-áirítear i ndáil le Critéir Náisiúnta SPG maidir le Feithiclí & Seirbhísí Iompair ar Bóthar agus an Treoir maidir le Feithiclí Glana (Treoir 2019/1161/AE).
- Tacófar le roghanna taistil gníomhaí agus spreagfar iad, lena n-áirítear roghanna soghluaisteachta comhroinnte agus modhanna iompair malartacha a úsáid, i gcomhréir le mír 4.1 de Shainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide. Ba cheart na roghanna sin a chur in iúl go soiléir i Nótaí Eolais Phraiticiúil do thoscairí.
- Nuair is féidir, moltar do ranna rialtais nach ndearna amhlaidh cheana féin iarratas a dhéanamh ar Mharc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair roimh thréimhse na hUachtaránachta.

---

[1] Treoraíocht agus Critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas ón EPA agus uirlis chuardaigh le haghaidh Critéir SPG

- Cuirfear scáthanna fearthainne ar fáil gar do bhealaí amach ag na hionaid chun daoine a spreagadh le siúl agus le hiompar poiblí a úsáid.

## 5.2 Ionaid chruinnithe

- Déanfar éifeachtúlacht fuinnimh na n-ionad cruinnithe agus imeachtaí i réadmhaoin atá faoi úinéireacht an stáit a uasmhéadú, i gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide, agus dúshláin phraiticiúla a d'fhéadfadh a theacht chun cinn i dtaobh ionaid oidhreachta áirithe á gcur san áireamh san am céanna.
- Maidir le roghnú aon ionad imeachtaí tráchtála, beidh an roghnú sin á threorú ag riachtanais oibríochtúla agus ghaolmhara agus ag eilimintí ábhartha i dTreoraíocht agus Critéir maidir le Soláthar Poiblí Glas an EPA, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh, soilsiú agus téamh.
- Beidh inrochtaineacht na n-ionad cruinnithe ina tosaíocht agus déanfar í a mheas go cúramach le linn phróiseas eagrúcháin chruinnithe agus imeachtaí na hUachtaránachta. I gcás ina dtiocfaidh dúshláin shonracha chun cinn, mar shampla i gcomhthéacs foirgneamh oidhreachta áirithe, éascófar réitigh bhainistithe iomchuí.

## 5.3 Lóistín

- Toscaireachtaí a bheidh ag freastal ar chruinnithe agus imeachtaí na hUachtaránachta, lorgófar roghanna lóistín dóibh in áiteanna a bhfuil féidearthachtaí iontu i dtaobh an taistil inbhuanaithe, agus infhaighteacht agus cost-éifeachtúlacht á gcur sa mheá.
- Ina theannta sin, iarrfar ar sholáthraí ainmnithe an chreata lóistín é a éascú, a mhéid is féidir, go ndéanfaí óstáin a bhfuil dintiúir ghlasa aitheanta acu a chur in áirithe do thoscairí agus iad ar cuairt.

## 5.4 Bia agus Deoch

- Beidh béim ar an inbhuanaitheacht a mhéid a bhaineann le soláthar bia, dí agus seirbhísí gaolmhara don Uachtaránacht i gcomhréir le Critéir Náisiúnta SPG maidir le Seirbhísí Bia agus Lónadóireachta agus i gcomhréir leis na Spriocanna i dtaobh Soláthar Bia agus Cur Amú Bia a bhfuil tuairisc orthu sa Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas.
- Is deis í Uachtaránacht na hÉireann léiriú a thabhairt ar bhia Éireannach, inbhuanaithe, ardchaighdeáin a tháirgeann cuideachtaí a bhfuil dintiúir inbhuanaitheachta fíoraithe acu, ina measc sin creidiúnú Origin Green, clár náisiúnta na hÉireann um inbhuanaitheacht bia agus dí.
- I gcomhréir leis an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas, beidh bearta atá dírithe ar aghaidh a thabhairt ar chur amú bia san áireamh i gconarthaí a bhaineann le seirbhísí ceaintín nó bia, le béim ar leith ar chur amú bia a chosc, agus aird á tabhairt ar ghealltanas na hÉireann i leith cur amú bia a laghdú 50% faoi 2030. Beidh bearta atá dírithe

ar dheighilt dramhaíola bia san áireamh iontu freisin. Ba cheart iad siúd a mbronnfar conarthaí orthu a spreagadh clárú le Cairt um Chur Amú Bia an EPA, rud a bunaíodh i gcomhréir le Treochlár na hÉireann um Chur Amú Bia a Chosc.

- I gcomhréir le Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2025, cuirfear deireadh leis an úsáid a bhaintear as cupáin, plátaí agus sceanra aon úsáide in aon cheaintín nó saoráid dhúnta de chuid na hearnála poiblí.
- A mhéid is féidir, ba cheart deireadh a chur le húsáid na mbuidéal uisce plaisteach. Ba cheart roghanna malartacha atá oiriúnach don chruinniú nó don imeacht ábhartha a úsáid chun uisce a chur ar fáil ag táblaí agus ag láithreacha cruinnithe (mar shampla trí bhíthin tobair/dáileoirí uisce). I gcás nach bhfuil an dara rogha ann ach buidéil uisce phlaisteacha a úsáid, ba cheart urraim a thabhairt do Thionscnaimh na hÉireann um Fhreagracht Táirgeoirí agus na buidéil úsáidte a bhailiú agus a athchúrsáil i gcomhréir leis an Scéim Éarlaise agus Aisíoca, mar a leagtar amach i Sainordú na hEarnála Poiblí maidir le Gníomhú ar son na hAeráide 2025.
- Déanfar úsáid táirgí bia agus dí Éireannacha ar bronnadh stádas maidir le Tásc Geografach orthu a chur chun cinn, chomh maith le táirgí séasúracha agus áitiúla, faoi réir aon reachtaíocht ábhartha agus infheidhme maidir le soláthar poiblí.
- I gcás inar féidir, agus i gcomhréir leis an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas, beidh ceanglas san áireamh i dtairiscintí lónadóireachta go mbeidh íosmhéid 10% de réir luacha (€) de bhia orgánach, agus go mbeidh sin deimhnithe ag na Comhlachtaí Deimhniúcháin i leith Stádas Orgánach (Cumann Orgánach na hÉireann nó an tIontaobhas Orgánach).

## 5.5 Ábhair agus Trealamh

- Bainfear an úsáid is lú is féidir as ábhair chlóite ag cruinnithe agus imeachtaí na hUachtaránachta.
- Fiosrófar straitéisí chun an digitiú a chur chun cinn, agus úsáid na gcód QR san áireamh. I gcás nach mór páipéar oifige le haghaidh priontáil agus fótachóipeáil a sholáthar, ní mór 100% den pháipéar a athchúrsáil, i gcomhréir leis an Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas.
- I gcás inarb ábhartha, fiosrófar an bhféadfaí trealamh TFC athmhonaraithe a úsáid, ríomhairí glúine san áireamh. Áirítear leis an méid sin úsáid an chreata nua a sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais i mí an Mheithimh 2024[2], de réir mar is iomchuí.

## 5.6 Cuimhneacháin agus Marsantacht

- Cuimhneacháin uile na hUachtaránachta a sholáthrófar ar bhonn lárnach, déanfar an soláthar sin i gcomhréir leis an Treoraíocht agus na Critéir náisiúnta maidir le Soláthar Poiblí Glas lena dtacaítear le cur chun feidhme Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12 (Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach). Tá sé i gceist beartas ar leith a fhorbairt maidir le cuimhneacháin na hUachtaránachta.

---

[2] Straitéis agus Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Poiblí Glas

- Soláthar lárnach mharsantacht na hUachtaránachta, agus stáiseanóireacht san áireamh, déanfar an soláthar sin a mheas go cúramach i gcomhréir leis na critéir ábhartha, lena n-áirítear na Critéir Náisiúnta SPG maidir le Táirgí & Seirbhísí Teicstíle agus na Critéir Náisiúnta SPG maidir le Táirgí Páipéir & Seirbhísí Priontála.
- Ar mhaithe le húsáid na n-ábhar clóite ag cruinnithe agus comhdhálacha na hUachtaránachta a choinneáil chomh híseal agus is féidir, ba cheart stáiseanóireacht ghinearálta a chur ar fáil ag stáisiúin soláthair lárnacha lena húsáid de réir mar is gá.

### 6. Inbhuanaitheacht Shóisialta – Comhionannas, Cuimsiú agus inrochtaineacht uilíoch

- Cuirfear cothromaíocht inscne chun cinn agus áiritheofar go léireoidh rannpháirtithe i bpainéil, imeachtaí agus gníomhaíochtaí for-rochtana a bhaineann leis an Uachtaránacht éagsúlacht na sochaí i gcoitinne.
- Is gné riachtanach den inbhuanaitheacht shóisialta é tacú leis an táirgeadh áitiúil. Ba cheart an méid sin a léiriú a mhéid is féidir sa soláthar ábhartha, go háirithe fiontair mhionscála agus FBManna.
- Forbrófar suíomh gréasáin na hUachtaránachta i gcomhréir le Treoir an Aontais maidir le hInrochtaineacht Gréasáin (Treoir 2016/2102). I measc na ngnéithe inrochtaineachta tá clibeanna malartacha, nascleanúint ar an méarchlár amháin agus feidhmiúlachtaí téacs-go-teanga chun eispéireas cuimsitheach úsáideora a chinntiú.

### 7. Deimhniú ISO

Déanfaidh Aonad Bainistithe Imeachtaí Oifig na nOibreacha Poiblí athbhreithniú agus feabhsú, i gcás inar féidir, ar a chórais um bainistiú inbhuanaitheachta imeachtaí mar ullmhúchán d'Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh in 2026. Déanfar an t-athbhreithniú faoi chuimsiú phróiseas deimhniúcháin Chórais um Bainistiú Inbhuanaitheachta Imeachtaí na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO).

### 8. Meastóireacht

Déanfaidh an Grúpa Idir-Rannach um Pleanáil Oibríochtúil na hUachtaránachta formhaoirseacht ar chur chun feidhme an bheartais agus soláthróidh sé tuarascáil ar thorthaí an bheartais mar chuid de chleachtadh "ceachtanna a foghlaimíodh", tar éis dheireadh na hUachtaránachta i mí na Nollag 2026.

Moltar do ranna agus gníomhaireachtaí rialtais a gcur chuige i leith na hinbhuanaitheachta a rianú agus a dhoiciméadú ag imeachtaí na hUachtaránachta, d'fhonn cás-staidéir a fhorbairt chun críoch tuairiscithe tar éis na hUachtaránachta. Cuireadh an bosca ríomhphoist EU2026Green@dfa.ie ar bun agus is féidir aon cheist, moladh nó barúil a sheoladh chuige roimh an Uachtaránacht agus lena linn. Mar a luadh, chomhaontaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí Bonneagair Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitiucháin go mbronnfar Gradam speisialta um Inbhuanaitheacht Uachtaránacht an AE mar chuid de Ghradaim na Seirbhísí Poiblí Níos Fearr in 2027.

### 9. Infheictheacht & Cur Chun Cinn

Foilseofar an beartas ar shuíomh gréasáin na hUachtaránachta agus cuirfear in iúl é ar bhealach gníomhach do na príomhpháirtithe leasmhara uile. Foilseofar treoir cur chun feidhme sho-úsáidte a bheidh ag gabháil leis an mbeartas seo.

Leagfar béim ar an mbeartas agus ar an treoir cur chun feidhme sa phlé a dhéanfar leis na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le pleanáil chruinnithe agus imeachtaí na hUachtaránachta.

### 10. Teagmháil

I gcás ceisteanna maidir leis an mbeartas seo, déan teagmháil le EU2026Green@dfa.ie.